

# Cogadh sa Mheánoirthear

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin gcogadh atá ar siúl sa tSiria. Pléigh an méid atá ar eolas agat faoin scéal leis an duine in aice leat.



## Ceist 2

Cad is brí leis na focail agus na frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír?

1. na Náisiúin Aontaithe
2. fiosrú neamhspleách
3. saoránaigh
4. i seilbh ceannairceach
5. cur i gcéill
6. airm cheimiceacha
7. a iniúchadh
8. géilleadh
9. comhaltaí
10. cinnirí airm agus slándála
11. sáraithe

Anois, féachaigí ar an tuairisc chun go gcuideoidh sin libh brí na bhfocal a aimsiú.

## Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth ar luadh an baile Douma sa mhír?
2. Cad a dúirt ambasadóir na Rúise agus ambasadóir na Siria faoin sléacht a deirtear a rinneadh?
3. Cén fáth nach mbeidh an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha sásta dul go dtí Douma?
4. Cén bhaint atá ag an bhFrainc agus ag an mBreatain leis an scéal?

**Ceist 4** An Rúis

Líon na bearnaí sa tábla thíos leis an bhfoirm cheart de gach tír. Tá an chéad cheann déanta duit.

	An tuiseal ainmneach	An tuiseal ginideach	An duine nó an aidiacht
Russia	An Rúis	muintir na Rúise	Rúiseach
Syria			
France			
Britain			
Iran			
Turkey			
Israel			

**Ceist 5** ‘...a d’fhéadfaí...’ agus ‘...a dhéanfaí...’

1. Cén aimsir atá i gceist sna samplaí thuas?
2. Bain úsáid as na briathra thíos chun na rialacha a bhaineann leis an aimsir sin a chur in iúl. Tá ceann amháin déanta duit.

<b>Déan</b> dhéanfainn dhéanfá dhéanfadh sé/sí dhéanfaimis dhéanfadh sibh dhéanfaidís  Dhéanfaí	<b>Féad</b>
<b>Cuir</b>	<b>Ceannaigh</b>
<b>Aimsigh</b>	<b>Foghlaim</b>

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Ar cheart do thíortha an Iarthair Iadar a chur isteach sa chogadh sa tSiria?
2. Cad is brí le bréagnuacht nó *fake news* mar a thugtar air i mBéarla?

3. Cén fáth a bhfuil Bashar al-Assad ag déanamh sléachta ar a mhuintir féin, dar leat?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinnfear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

**Ceist 2**

1. na Náisiúin Aontaithe – *the United Nations*
2. fiosrú neamhspleách – *independent investigation*
3. saoránaigh – *citizens*
4. i seilbh ceannairceach – *rebel-held*
5. cur i gcéill – *pretence*
6. airm cheimiceacha – *chemical weapons*
7. a iniúchadh – *to inspect*
8. géilleadh – *surrender*
9. comhaltaí – *members*
10. cinnirí airm agus slándála – *military and security leaders*
11. sáraithe – *breached, violated*

**Ceist 3**

Féach an script.

**Ceist 4**

	An tuiséal ainmneach	An Tuiséal ginideach	An duine nó an aidiacht
Russia	An Rúis	muintir na Rúise	Rúiseach
Syria	An tSiria	muintir na Siria	Siriach
France	An Fhrainc	muintir na Fraince	Francach
Britain	An Bhreatain	muintir na Breataine	Briotanach
Iran	An Iaráin	muintir na hIaráine	Iaránach
Turkey	An Tuirc	muintir na Tuirce	Turcach
Israel	Iosrael	muintir Iosrael	Iosraelach

**Ceist 5**

1. An modh coinníollach
- 2.

<p><b>Déan</b> dhéanfainn dhéanfá dhéanfadh sé/sí dhéanfaimis dhéanfadh sibh dhéanfaidís</p> <p>dhéanfaí</p>	<p><b>Féad</b> d'fhéadfainn d'fhéadfá d'fhéadfadh sé/sí d'fhéadfaimis d'fhéadfadh sibh d'fhéadfaidís</p> <p>d'fhéadfaí</p>	<p><b>Aimsigh</b> d'aimseoinn d'aimseofá d'aimseodh sé/sí d'aimseoimis d'aimseodh sibh d'aimseoidís</p> <p>d'aimseofaí</p>
<p><b>Cuir</b> chuirfinn chuirfeá chuirfeadh sé/sí chuirfimis chuirfeadh sibh chuirfidís</p> <p>chuirfí</p>	<p><b>Ceannaigh</b> cheannóinn cheannófa cheannódh sé/sí cheannóimis cheannódh sibh cheannóidís</p> <p>cheannófaí</p>	<p><b>Foghlaim</b> d'fhoghlaiméoinn d'fhoghlaiméofá d'fhoghlaiméodh sé/sí d'fhoghlaiméoimis d'fhoghlaiméodh sibh d'fhoghlaiméoidís</p> <p>d'fhoghlaiméofaí</p>

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Maolra Mac Donnchadha**

Tá an Rúis le rún a chur os comhair na Náisiún Aontaithe, ag iarraidh fiosrú neamhspleách faoin ionsaí ceimiceach a deineadh<sup>1</sup> ar bhaile Douma sa tSiria. Idir an dá linn, tá Donald Trump i mbun cainte leis an bhFrainc agus leis an mBreatain faoi ionsaithe airm a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an tSiria.

Phléigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an sléacht a deirtear a deineadh<sup>2</sup> ar shaoránaigh in Douma, an baile mór deireanach in oirthear Ghouta, atá i seilbh ceannairceach.

Deir lucht leighis gur maraíodh dhá scór ar a laghad san ionsaí gáis nimhiúil. Dúirt ambasadóirí na Siria agus na Rúise nár tharla a leithéidí, nach bhfuil ann ach cur i gcéill, gur cumadóireacht mar a dhéanfaí in Hollywood atá ann. Tá Meiriceá tar éis rún a mholadh le húsáid airm cheimiceacha sa tSiria a iniúchadh. Sheas an Rúis sa mbealach<sup>3</sup> air sin, ach tá siad tar éis géilleadh tráthnóna agus iad féin ag moladh fiosrú neamhspleách anois, cé nach bhfiosrófaí ach an méid a tharla in Douma. Ach is caol an seans go mbeidh an Eagraíocht Dhomhanda um Chosc ó Airm Cheimiceacha<sup>4</sup> sásta dul chomh fada leis an áit. Tá comhaltaí leo a bhí i mbun fiosraithe go háitiúil cheana, tar éis ionsaí a fhulaingt faoi dhó le roinnt blianta anuas.

Tá an tUachtarán Trump tar éis casadh lena chuid cinnirí airm agus slándála. Deir sé go bhfuil Washington ag fiosrú céard go baileach a tharla. Deir na Francaigh go mbeidh siad féin i mbun gnímh, más fíor, mar a dúirt urlabhraí, go bhfuil líne dhearg sáraithe.

---

<sup>1</sup> *rinneadh* an leagan caighdeánach

<sup>2</sup> *rinneadh* an leagan caighdeánach

<sup>3</sup> Córas Chonnacht

<sup>4</sup> *An Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha* an teideal oifigiúil